# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1451 ÓN gCOIMISIÚN

**an 13 Iúil 2023**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2002 a mhéid a bhaineann le fógra a thabhairt i leith galair agus an fhaisnéis atá le cur isteach ag na Ballstáit chun cláir éigeantacha agus roghnacha dhíothaithe a fhormheas agus a thuairisciú agus in iarratais ar stádas saor ó ghalar**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagail 23, 35 agus 40 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/429 leagtar síos rialacha maidir le galair ainmhithe atá in-tarchurtha chuig ainmhithe nó daoine, lena n-áirítear forálacha maidir le fógra a thabhairt agus tuairisciú i leith galair, cláir faireachais an Aontais, cláir dhíothaithe agus stádas saor ó ghalar.

(2) Forlíontar Rialachán (AE) 2016/429 le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún ([2]) agus leagtar síos ann rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothaithe agus stádas saor ó ghalar le haghaidh galair liostaithe áirithe agus galair ainmhithe atá ag teacht chun cinn.

(3) Chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go haonfhoirmeach san Aontas na forálacha maidir le fógra a thabhairt agus tuairisciú i leith galair, maidir le cláir faireachais an Aontais, maidir le cláir dhíothaithe agus stádas saor ó ghalar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/429 agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, leagtar síos rialacha cur chun feidhme maidir le faisnéis, formáidí agus ceanglais nós imeachta le haghaidh na gclár faireachais, na gclár díothaithe agus maidir le stádas saor ó ghalar i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2002 ón gCoimisiún ([3]).

(4) Maidir leis an taithí a fuarthas trí fhaisnéis a chur isteach maidir le toradh na gclár díothaithe formheasta, agus maidir le hiarratais ar stádas saor ó ghalar sa tréimhse ó dháta chur i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2002, agus go háirithe i bhfianaise na sonraí atá ar fáil cheana féin sa Chóras Faisnéise Galar Ainmhithe ríomhairithe (ADIS) dá bhforáiltear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2016/429, léirítear nach bhfuil gnéithe áirithe den fhaisnéis a éilíonn an Rialachán Cur Chun Feidhme sin riachtanach don Choimisiún faoi láthair chun measúnú a dhéanamh ar na hiarratais ar stádas saor ó ghalar. Níor cheart gá a bheith leis na heilimintí sin, chun an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit a laghdú. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2002 a leasú dá réir.

---

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothaithe, agus stádas saor ó ghalar le haghaidh galair liostaithe áirithe agus galair ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2002 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fógra agus tuairisc a thabhairt don Aontas faoi ghalair liostaithe, maidir le formáidí agus nósanna imeachta chun cláir faireachais an Aontais agus cláir dhíothaithe a chur isteach agus a thuairisciú agus maidir le hiarratas ar stádas saor ó ghalar a aithint, agus maidir leis an gcóras faisnéise ríomhairithe (IO L 412, 8.12.2020, lch. 1).

(5) Tá an fhaisnéis atá le cur ar fáil maidir le torthaí chur chun feidhme na gclár díothaithe le fáil san ADIS. Ba cheart na dréachtchláir dhíothaithe a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin lena bhformheas a chur isteach go leictreonach freisin tríd an ADIS, chun an comhleanúnachas a áirithiú.

(6) Thairis sin, léiríodh tríd an taithí a fuarthas ar chur i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2002, gur gá forálacha áirithe d'Iarscríbhinn V, VI agus d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis a shoiléiriú, chun a áirithiú gur léir go bhféadfaidh feidhm a bheith ag raon feidhme críochach cláir dhíothaithe fhormheasta maidir le hainmhithe uisceacha, agus ag formheas an stádais saor ó ghalar i gcás na n-ainmhithe sin, ar leibhéal an Bhallstáit, ar leibhéal an chreasa nó na deighleoige. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní V, VI agus VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2002 a leasú dá réir.

(7) Foráiltear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le roinnt maoluithe atá ábhartha chun clár díothaithe a thíolacadh le haghaidh galar de chatagóir B nó de chatagóir C d'ainmhithe uisceacha i gcomhréir le Roinn 4 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2002. Faoi láthair, ní dhéantar tagairt ach do mhaolú amháin den sórt sin san Iarscríbhinn sin. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2002 a leasú chun a áirithiú go ndéanfar tagairt do na maoluithe ábhartha uile i Roinn 4 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2002 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

'*Airteagal 7*

**Tuairisciú ón Aontas ar thorthaí bliantúla chur chun feidhme na gclár formheasta díothaithe**

1. Faoin 30 Aibreán gach bliain cuirfidh na Ballstáit tuarascálacha faoi bhráid an Choimisiúin ar thorthaí chur chun feidhme a gclár díothaithe formheasta leanúnach.

2. Sna tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1, le haghaidh gach bliana, lena gcumhdófar an bhliain féilire roimhe sin, beidh an fhaisnéis a shonraítear in:

(a) Roinn 1 d'Iarscríbhinn V le haghaidh cláir dhíothaithe le haghaidh galair de chatagóir B agus C d'ainmhithe talún atá bunaithe ar stádas saor ó ghalar a dheonú ar leibhéal na mbunaíochtaí;

(b) Roinn 2 d'Iarscríbhinn V le haghaidh cláir dhíothaithe i gcás ionfhabhtú le víreas an chonfaidh (RABV);

(c) Roinn 3 d'Iarscríbhinn V le haghaidh cláir dhíothaithe i gcás ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) (ionfhabhtú le BTV);

(d) Roinn 4 d'Iarscríbhinn V le haghaidh cláir dhíothaithe i ndáil le galair de chatagóir B agus C a bhaineann le hainmhithe uiscí.

3. Déanfar na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1 a thíolacadh go leictreonach tríd an ADIS.';

(2) Ii Airteagal 8, scriostar mír (2);

(3) Leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh i mír 1:

'Cuirfidh na Ballstáit an méid seo a leanas faoi bhráid an Choimisiúin lena fhormheas:';

(b) cuirtear mír 3 seo a leanas isteach:

‘3. Déanfar na cláir dhíothaithe dá dtagraítear i mír 1 a thíolacadh go leictreonach tríd an ADIS’;

(4). In Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh i mír 1:

‘Agus iarratas á dhéanamh ag na Ballstáit chuig an gCoimisiún ar aitheantas don stádas saor ó ghalar i gcomhréir le Ranna 1 agus 2 de Chaibidil 4 de Chuid II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, cé is moite den fhaisnéis a cuireadh ar fáil roimhe sin i dtuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán seo, déanfaidh siad an fhaisnéis ábhartha a áireamh ina n-iarratais, faisnéis a shonraítear in:’;

(5). Leasaítear Iarscríbhinní V, VI agus VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2002 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Iúil 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinní V, VI agus VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2002 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn V:

(a) i Roinn 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6:

‘6. Faisnéis faoi na bunaíochtaí agus na hainmhithe lena mbaineann atá suite sa chríoch i gcomhréir le pointe 5, de réir creasa, má tá níos mó ná crios amháin san áireamh i raon feidhme críochach an chláir:

(a) an líon bunaíochtaí ina gcoimeádtar ainmhithe den phobal ainmhithe a bhfuiltear ag díriú air, gan bunaíochtaí a thagann faoin maolú a áireamh i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún (*) an 31 Nollaig;

(b) an líon ainmhithe den phobal ainmhithe a bhfuiltear ag díriú air a choimeádtar sna bunaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) an 31 Nollaig;

(c) an líon bunaíochtaí a bhfuil stádas saor ó ghalar acu lena n-áirítear bunaíochtaí a bhfuil stádas saor ó ghalar ar fionraí acu, le vacsaíniú nó gan vacsaíniú acu, más ábhartha, as an líon bunaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) an 31 Nollaig;

(d) an líon ainmhithe a choimeádtar sna bunaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (c);

(e) an líon bunaíochtaí a deimhníodh a bheith ionfhabhtaithe le linn na tréimhse tuairiscithe.

---

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothaithe, agus stádas saor ó ghalar le haghaidh galair liostaithe áirithe agus galair ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211).’;

(b) i Roinn 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6:

‘6. Faisnéis faoi na bunaíochtaí dobharshaothraithe agus na hainmhithe lena mbaineann atá suite sa chríoch dá dtagraítear i bpointe 5 de réir Ballstáit, creasa nó deighleoige:

(a) an líon bunaíochtaí dobharshaothraithe formheasta agus an líon bunaíochtaí dobharshaothraithe cláraithe ina gcoimeádtar ainmhithe den phobal ainmhithe a bhfuiltear ag díriú air agus, i gcás inarb ábhartha, pointí samplála i bpobail fhiáine, atá ar áireamh sa chlár díothaithe an 31 Nollaig;

(b) an líon bunaíochtaí dobharshaothraithe agus, i gcás inarb ábhartha, an líon pointí samplála i bpobail fhiáine, as an líon bunaíochtaí nó pointí samplála dá dtagraítear i bpointe (a), nach bhfuil ionfhabhtaithe an 31 Nollaig;

(c) an líon bunaíochtaí dobharshaothraithe agus, i gcás inarb ábhartha, an líon pointí samplála i bpobail fhiáine, le cás/cásanna deimhnithe as an líon bunaíochtaí nó pointí samplála dá dtagraítear i bpointe (a) an 31 Nollaig;

(d) an líon bunaíochtaí dobharshaothraithe ionfhabhtaithe agus, i gcás inarb ábhartha, an líon pointí samplála ionfhabhtaithe nua i bpobail fhiáine, a bhfuil cás/cásanna deimhnithe acu as an líon bunaíochtaí nó an líon pointí samplála dá dtagraítear i bpointe (a) an 31 Nollaig.’

(2) Leasaítear Iarscríbhinn VI mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘**Faisnéis a bheidh le háireamh in iarratais ar aitheantas do stádas saor ó ghalar na mBallstát nó na gcriosanna a mhéid a bhaineann le galair ainmhithe talún agus uisceacha agus in iarratais ar aitheantas do stádas saor ó ghalar na ndeighleog a mhéid a bhaineann le galair ainmhithe uisceacha i gcomhréir le hAirteagal 11**’;

(b) leasaítear Roinn 6 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 1 go 7:

‘1. i gcás cláir dhíothaithe le haghaidh ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis agus B. suis* a mhéid a bhaineann le bó-ainmhithe ar coimeád de réir an chreasa, má tá níos mó ná crios amháin san áireamh i raon feidhme críochach an chláir:

(a) an líon bunaíochtaí ina gcoimeádtar bó-ainmhithe, gan bunaíochtaí a thagann faoin maolú a áireamh i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 an 31 Nollaig gach bliain le 3 bliana anuas;

(b) an líon bó-ainmhithe a choimeádtar sna bunaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) an 31 Nollaig gach bliain le 3 bliana anuas;

(c) an líon bunaíochtaí ina gcoimeádtar bó-ainmhithe a bhfuil an stádas saor ó ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis agus B. suis* gan vacsaíniú acu lena n-áirítear bunaíochtaí a bhfuil stádas saor ó ghalar ar fionraí acu an 31 Nollaig gach bliain le 3 bliana anuas;

(d) an líon bó-ainmhithe a choimeádtar sna bunaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (c) an 31 Nollaig gach bliain le 3 bliana anuas;

(e) an líon bunaíochtaí ina gcoimeádtar bó-ainmhithe a ndearnadh tástáil orthu le tástáil séireolaíochta le haghaidh ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis agus B. suis* gach bliain le 3 bliana anuas;

(f) an líon bunaíochtaí a bhfuil amhras fúthu tar éis na tástála dá dtagraítear i bpointe (e) gach bliain le 3 bliana anuas;

(g) an líon cásanna forlao ó bhó-ainmhithe ar coimeád a bhféadfadh ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis agus B. suis* a bheith ina chúis leo agus a ndearnadh imscrúdú orthu gach bliain le 3 bliana anuas;

(h) dáta an cháis ionfhabhtaithe deiridh a deimhníodh le *Brucella abortus, B. melitensis agus B. suis* i mbó-ainmhithe ar coimeád;

(i) dáta an vacsaínithe deiridh i gcoinne ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis agus B. suis* le haghaidh bó-ainmhithe ar coimeád;

2. i gcás cláir dhíothaithe le haghaidh ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis agus B. suis* a mhéid a bhaineann le hainmhithe den chineál caorach agus gabhair ar coimeád, de réir creasa, má tá níos mó ná crios amháin san áireamh i raon feidhme críochach an chláir:

(a) an líon bunaíochtaí ina gcoimeádtar ainmhithe den chineál caorach nó gabhair, gan bunaíochtaí a thagann faoin maolú a áireamh i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 an 31 Nollaig gach bliain le 3 bliana anuas;

(b) an líon ainmhithe den chineál caorach agus gabhair a choimeádtar sna bunaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) an 31 Nollaig gach bliain le 3 bliana anuas;

(c) an líon bunaíochtaí ina gcoimeádtar ainmhithe den chineál caorach nó gabhair a bhfuil an stádas saor ó ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis agus B. suis* gan vacsaíniú acu lena n-áirítear bunaíochtaí a bhfuil stádas saor ó ghalar ar fionraí acu amhail an 31 Nollaig gach bliain le 3 bliana anuas;

(d) an líon ainmhithe den chineál caorach agus gabhair a choimeádtar sna bunaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (c) an 31 Nollaig gach bliain le 3 bliana anuas;

(e) an líon bunaíochtaí ina gcoimeádtar ainmhithe den chineál caorach nó gabhair a ndearnadh tástáil orthu le haghaidh ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis agus B. suis* gach bliain le 3 bliana anuas;

(f) an líon bunaíochtaí a bhfuil amhras fúthu tar éis na tástála dá dtagraítear i bpointe (e) gach bliain le 3 bliana anuas;

(g) an líon cásanna forlao ó ainmhithe den chineál caorach nó gabhair a bhféadfadh ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis agus B. suis* a bheith ina chúis leo a ndearnadh imscrúdú orthu gach bliain le 3 bliana anuas;

(h) dáta an cháis deiridh ionfhabhtaithe le *Brucella abortus, B. melitensis agus B. suis* a deimhníodh in ainmhithe den chineál caorach nó gabhair ar coimeád;

(i) dáta an vacsaínithe deiridh i gcoinne ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis agus B. suis* d'ainmhithe den chineál caorach nó gabhair ar coimeád;

3. i gcás cláir dhíothaithe le haghaidh ionfhabhtú le MTBC de réir an chreasa, má tá níos mó ná crios amháin san áireamh i raon feidhme críochach an chláir:

   (a) an líon bunaíochtaí ina gcoimeádtar bó-ainmhithe, gan bunaíochtaí a thagann faoin maolú a áireamh i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 an 31 Nollaig gach bliain le 3 bliana anuas;

   (b) an líon bó-ainmhithe a choimeádtar sna bunaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) an 31 Nollaig gach bliain le 3 bliana anuas;

   (c) an líon bunaíochtaí ina gcoimeádtar bó-ainmhithe a bhfuil an stádas saor ó ionfhabhtú le MTBC acu lena n-áirítear bunaíochtaí a bhfuil stádas saor ó ghalar ar fionraí acu amhail an 31 Nollaig gach bliain le 3 bliana anuas;

   (d) an líon bó-ainmhithe a choimeádtar sna bunaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (c) an 31 Nollaig gach bliain le 3 bliana anuas;

   (e) an líon bunaíochtaí ina gcoimeádtar bó-ainmhithe a tástáladh le haghaidh MTBC gach bliain le 3 bliana anuas;

   (f) an líon bunaíochtaí a bhfuil amhras fúthu tar éis na tástála dá dtagraítear i bpointe (e) gach bliain le 3 bliana anuas;

   (g) an líon bó-ainmhithe a maraíodh, ar ainmhithe iad a léirigh loit ionfhabhtaithe amhrasta le MTBC agus a ndearnadh imscrúdú orthu gach bliain le 3 bliana anuas;

   (h) an líon bunaíochtaí a deimhníodh go bhfuil siad ionfhabhtaithe le MTBC gach bliain le 3 bliana anuas;

4. i gcás cláir dhíothaithe le haghaidh liúcóis bhólachta eansótach (LBE) de réir an chreasa, má tá níos mó ná crios amháin san áireamh i raon feidhme críochach an chláir:

   (a) an líon bunaíochtaí ina gcoimeádtar bó-ainmhithe, gan bunaíochtaí a thagann faoin maolú a áireamh i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 an 31 Nollaig gach bliain le 3 bliana anuas;

   (b) an líon bó-ainmhithe a choimeádtar sna bunaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) an 31 Nollaig gach bliain le 3 bliana anuas;

   (c) an líon bunaíochtaí ina gcoimeádtar bó-ainmhithe a bhfuil an stádas saor ó LBE acu lena n-áirítear bunaíochtaí a bhfuil stádas saor ó ghalar ar fionraí acu amhail an 31 Nollaig gach bliain le 3 bliana anuas;

   (d) an líon bó-ainmhithe a choimeádtar sna bunaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (c) an 31 Nollaig gach bliain le 3 bliana anuas;

   (e) an líon bunaíochtaí ina gcoimeádtar bó-ainmhithe a tástáladh le haghaidh LBE gach bliain le 3 bliana anuas;

   (f) an líon bunaíochtaí a bhfuil amhras fúthu tar éis na tástála dá dtagraítear i bpointe (e) gach bliain le 3 bliana anuas;

   (g) an líon samplaí ó bhó-ainmhithe maraithe atá os cionn 24 mí d'aois le siadaí a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar LBE a bhí faoi réir scrúdú saotharlainne chun láithreacht LBE a dhearbhú nó a chur as an áireamh gach bliana le 3 bliana anuas;

   (h) an líon bunaíochtaí a deimhníodh go bhfuil siad ionfhabhtaithe le LBE gach bliain le 3 bliana anuas;

5. i gcás cláir dhíothaithe le haghaidh IBR/IPV, de réir an chreasa, má tá níos mó ná crios amháin san áireamh i raon feidhme críochach an chláir:

   (a) an líon bunaíochtaí ina gcoimeádtar bó-ainmhithe, gan bunaíochtaí a thagann faoin maolú a áireamh i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 an 31 Nollaig gach bliain le 3 bliana anuas;

   (b) an líon bó-ainmhithe a choimeádtar sna bunaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) an 31 Nollaig gach bliain le 3 bliana anuas;

(c) an líon bunaíochtaí a bhfuil an stádas saor ó LBE acu lena n-áirítear bunaíochtaí a bhfuil stádas saor ó ghalar ar fionraí acu amhail an 31 Nollaig gach bliain le 3 bliana anuas;

(d) an líon bó-ainmhithe a choimeádtar sna bunaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (c) an 31 Nollaig gach bliain le 3 bliana anuas;

(e) an líon bunaíochtaí a tástáladh le haghaidh IBR/IPV gach bliain le 3 bliana anuas;

(f) an líon bunaíochtaí a bhfuil amhras fúthu tar éis na tástála dá dtagraítear i bpointe (e) gach bliain le 3 bliana anuas;

(g) an líon bunaíochtaí a deimhníodh go bhfuil siad ionfhabhtaithe le IBR/IPV gach bliain le 3 bliana anuas;

(h) dáta an toirmisc ar vacsaíniú i gcoinne IBR/IPV i ndáil le bó-ainmhithe ar coimeád;

6. i gcás cláir dhíothaithe le haghaidh ionfhabhtú le ADV de réir an chreasa, má tá níos mó ná crios amháin san áireamh i raon feidhme críochach an chláir:

(a) an líon bunaíochtaí ina gcoimeádtar ainmhithe den chineál mucúil, gan bunaíochtaí a thagann faoin maolú a áireamh i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 an 31 Nollaig gach bliain le 3 bliana anuas;

(b) an líon ainmhithe den chineál mucúil a choimeádtar sna bunaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) an 31 Nollaig gach bliain le 3 bliana anuas;

(c) an líon bunaíochtaí a bhfuil an stádas saor ó ionfhabhtú le ADV acu lena n-áirítear bunaíochtaí a bhfuil stádas saor ó ghalar ar fionraí acu amhail an 31 Nollaig gach bliain le 3 bliana anuas;

(d) an líon ainmhithe den chineál mucúil a choimeádtar sna bunaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (c) an 31 Nollaig gach bliain le 3 bliana anuas;

(e) an líon bunaíochtaí ina ndearnadh faireachas chun aon fhianaise chliniciúil, víreolaíoch nó shéareolaíoch ar ionfhabhtú le ADV a fháil gach bliain le 3 bliana anuas;

(f) an líon ainmhithe den chineál mucúil a tástáladh sna bunaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (e) an 31 Nollaig gach bliain le 3 bliana anuas;

(g) an líon bunaíochtaí a deimhníodh go bhfuil siad ionfhabhtaithe le ADV gach bliain le 3 bliana anuas;

(h) dáta an toirmisc ar vacsaíniú i gcoinne ADV d'ainmhithe den chineál mucúil ar coimeád;

7. i gcás cláir dhíothaithe le haghaidh BVD de réir an chreasa, má tá níos mó ná crios amháin san áireamh i raon feidhme críochach an chláir:

(a) an líon bunaíochtaí ina gcoimeádtar bó-ainmhithe, gan bunaíochtaí a thagann faoin maolú a áireamh i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 an 31 Nollaig gach bliain le 3 bliana anuas;

(b) an líon bó-ainmhithe a choimeádtar sna bunaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) an 31 Nollaig gach bliain le 3 bliana anuas;

(c) an líon bunaíochtaí a bhfuil an stádas saor ó BVD acu lena n-áirítear bunaíochtaí a bhfuil stádas saor ó ghalar ar fionraí acu amhail an 31 Nollaig gach bliain le 3 bliana anuas;

(d) an líon bó-ainmhithe a choimeádtar sna bunaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (c) an 31 Nollaig gach bliain le 3 bliana anuas;

(e) an líon bunaíochtaí a tástáladh le haghaidh BVD gach bliain le 3 bliana anuas;

(f) an líon bunaíochtaí a bhfuil amhras fúthu tar éis na tástála dá dtagraítear i bpointe (e) gach bliain le 3 bliana anuas;

(g) an líon bunaíochtaí a deimhníodh go bhfuil siad ionfhabhtaithe le BVD gach bliain le 3 bliana anuas;

(h) dáta an toirmisc ar vacsaíniú i gcoinne BVD i gcás bó-ainmhithe ar coimeád;';

(ii) cuirtear an méid a leanas in ionad phointe 10:

'10. i gcás cláir dhíothaithe le haghaidh galair de chatagóir B agus C d'ainmhithe uisceacha, soláthróidh siad an fhaisnéis seo a leanas le haghaidh gach bliana den chlár, de réir Ballstáit, de réir an chreasa nó de réir na deighleoige, de réir mar is ábhartha don raon feidhme críochach:

(a) an líon bunaíochtaí dobharshaothraithe formheasta agus, i gcás inarb ábhartha, agus an líon bunaíochtaí dobharshaothraithe cláraithe ina gcoimeádtar ainmhithe den phobal ainmhithe a bhfuiltear ag díriú air agus an líon pointí samplála i bpobail fhiáine, atá ar áireamh sa chlár díothaithe, chomh maith le léarscáileanna a thaispeánann suíomh bunaíochtaí agus pointí samplála i bpobail fhiáine;

(b) an líon bunaíochtaí dobharshaothraithe agus, i gcás inarb ábhartha, an líon pointí samplála i bpobail fhiáine, as an líon bunaíochtaí nó pointí samplála dá dtagraítear i bpointe (a), nach bhfuil ionfhabhtaithe;

(c) an líon cuairteanna sláinte ainmhithe in aghaidh na mbunaíochtaí dobharshaothraithe formheasta agus, i gcás inarb ábhartha, bunaíochtaí dobharshaothraithe cláraithe;

(d) an líon samplálacha in aghaidh na mbunaíochtaí dobharshaothraithe cláraithe formheasta agus, i gcás inarb ábhartha, agus an líon pointí samplála i bpobail fhiáine, chomh maith le sonraí faoi speicis, torthaí samplála (dearfach nó diúltach) agus teochtaí uisce tráth na samplála;

(e) an líon bunaíochtaí dobharshaothraithe ionfhabhtaithe agus, i gcás inarb ábhartha, an líon pointí samplála i bpobail fhiáine, a bhfuil cás/cásanna deimhnithe acu as an líon bunaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) an 31 Nollaig;

(f) an líon bunaíochtaí dobharshaothraithe ionfhabhtaithe nua agus, i gcás inarb ábhartha, an líon pointí samplála i bpobail fhiáine, a bhfuil cás/cásanna deimhnithe acu as an líon bunaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) an 31 Nollaig.';

(3) Leasaítear Iarscríbhinn VII mar a leanas:

(a) i Roinn 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 9:

'9. Bhain spriocanna idirmheánacha an chláir díothaithe leis na critéir a bhaineann go sonrach le galair chun stádas saor ó ghalar a fháil, lena n-áirítear ar a laghad:

(a) an laghdú bliantúil a bhfuil coinne leis ar an líon bunaíochtaí ionfhabhtaithe;

(b) an méadú bliantúil a bhfuil coinne leis ar an líon bunaíochtaí saor ó ghalar.';

(b) in Alt 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 5 agus 6:

'5. Tuairisc ar an staid eipidéimeolaíoch sa Bhallstát, sa chrios nó sa deighleog, de réir mar is ábhartha do raon feidhme críochach an chláir, lena n-áirítear:

(a) an líon bunaíochtaí dobharshaothraithe formheasta agus an líon bunaíochtaí dobharshaothraithe cláraithe ina gcoimeádtar ainmhithe den phobal ainmhithe a bhfuiltear ag díriú air, de réir chineál an táirgthe agus de réir stádas sláinte;

(b) speicis liostaithe a choimeádtar sna bunaíochtaí dobharshaothraithe dá dtagraítear i bpointe (a) de réir an stádais sláinte;

(c) léarscáileanna a thaispeánann:

(i) suíomh geografach na mbunaíochtaí dobharshaothraithe dá dtagraítear i bpointe (a) agus na ndobharcheantar ábhartha; agus

(ii) dáileadh geografach na gcásanna ionfhabhtaithe a bhfuil an galar ábhartha de chatagóir B nó C orthu ar feadh tréimhse a chumhdaíonn na 5 bliana seo caite ar a laghad;

(d) faisnéis a mhéid a bhaineann leis an staid eipidéimeolaíoch in ainmhithe uiscí fiáine, i gcás inarb ábhartha.

6. Tuairisc ar straitéis rialaithe galar an chláir díothaithe i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 lena n-áirítear ar a laghad:

   (a) na scéimeanna samplála agus na modhanna diagnóiseacha atá le húsáid i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:

      (i) cuairteanna sláinte agus sampláil i mbunaíochtaí dobharshaothraithe;

      (ii) faireachas spriocdhírithe ar phobail fhiáine, i gcás inarb ábhartha;

   (b) bearta rialaithe galar atá le cur i bhfeidhm i gcás cás a deimhníodh;

   (c) na bearta bithshlándála agus maolaithe riosca atá le cur chun feidhme;

   (d) scéimeanna vacsaínithe, i gcás inarb ábhartha;

   (e) na bearta atá le cur chun feidhme a mhéid a bhaineann le hainmhithe uisceacha fiáine agus líon agus suíomh geografach na bpointí samplála i gcás inarb ábhartha;

   (f) na maoluithe atá le cur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 47(4), le hAirteagal 51(2) nó le hAirteagal 53 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, i gcás inarb ábhartha;

   (g) bearta comhordaithe le Ballstáit eile nó le tríú tíortha, i gcás inarb ábhartha.’.